BBC GAEILGE TELEVISION COMMISSIONING BRIEF

JUNE 2018

The BBC Gaeilge Television Commissioning Strategy aims to build a varied portfolio of ambitious, relevant and high-impact programming with high production values.

At the heart of our commissioning strategy is the audience, a diverse group with a wide range of interests and levels of ability in the language. Many non-Irish speakers also enjoy subtitled Irish language television content.

Our programming should have meaning and relevance to these wide audiences and some of our output will make a significant contribution to people's understanding of the Irish language and its cultural and historical contexts.

All Irish language programming which receives 75% production funding from the Irish Language Broadcast Fund must have minimum 75% Irish language speech content and be subtitled in English.

We urge you to submit proposals which are well thought through and which have some meaningful research already done prior to submission.

SUBMITTING YOUR IDEAS

BBC Pitch is the established tool for submitting ideas to BBC Northern Ireland.

All proposals should be discussed with Editor, BBC Gaeilge ahead of the deadline for submission on BBC Pitch on **Friday 10 August 2018, at 1200 midday.**

We will communicate all outcomes for your ideas should they be shortlisted for further development, for pitching to the commissioning team, or rejected. Any queries about submitting ideas on BBC Pitch should be directed to linda.mccarter@bbc.co.uk.

KAREN KIRBY
Eagarthóir, BBC Gaeilge

JUNE 2018

BBC Gaeilge, in association with the ILBF, would like to invite independent companies to submit proposals in the following programme areas. This output will be produced by independent production companies based in Northern Ireland and will be co-funded by the ILBF and BBC Northern Ireland.

Proposals will be assessed in line with the following commissioning priorities:

1 - POPULAR FACTUAL FORMATS

In briefing for **Popular Factual Formats**, we want to inspire content ideas that move audiences away from thinking and learning from our content to *reactin*g and *feeling* from our content.

Programmes that make audiences *feel part* of what's unfolding on screen can bring topics to life in an engaging and fulfilling way. It is the ambition to commission content that will resonate with a wide audience – real people like us, experiencing fun, pressure, uncertainty, emotions, all delivered through the medium of the Irish language.

The most successful Popular Factual Formats tend to feature:

- A diverse cast of everyday people
- People outside their comfort zone or in new/pressurised situations
- Interactions/relationships

These programmes should elicit feelings of sympathy, empathy, dismay or delight with our cast of characters. How would I react in that situation? "I've been there, I know how that feels…", "I wouldn't have done that…", etc.

What everyday things could we see unfolding in an authentic, honest and realistic way to elicit those responses from our audiences?

2 - 30’ DOCUMENTARY SINGLES / SERIES

It remains a priority to create a portfolio of 30’ singles or series across a variety of genre and topics**.**

Producers should consider submitting proposals on subjects and topics that will engage and be relevant to as wide an audience as possible. Ideas should reflect the normal, the extraordinary and the surprising elements of contemporary life in NI and beyond. **As such, proposals should not rely on historical contexts and events to tell the story.**

The ambition is to schedule this newly-commissioned content in Autumn / Winter 2019. The regular broadcast slot for 30’ programming is at 2200 on Monday nights on BBC Two NI.

Opportunities exist to commission single 30’ documentaries in particular, made by skilled film-makers, telling the stories of what is really going on in their worlds. These films will explore and reflect contemporary local life in all its varieties, forms, people and places. They will provide new perspectives on and challenge our perceptions of life in Northern Ireland today.

Real people and real experiences are at the heart of these films. These will be human interest stories that the audience will care about; they will thrill us, make us laugh, make us cry, and make us think. The strength in these films will be their ability to stimulate emotion for ordinary people who have a unique story to tell. Contemporary tone, universal themes, thought provoking questions, debate, inspiration and revelation are all key elements to the construct of these films.

For reference, consider those films commissioned and produced for the BBC NI ‘True North’ strand.

Single documentaries and series commissioned previously include *Múinteoirí, Píobairí Ard Mhacha, Taobh Thiar den Gheansaí, Tóchair an tSaoil.*

Budget: Up to £35,000 per programme (including non-contributable broadcaster overheads).

Múinteoirí

Píobairí Ard Mhacha

3 - FACTUAL ENTERTAINMENT SERIES

Lifestyle and factual entertainment series should be energetic and ensure a loyal audience returning week after week. Series which involve people participating, contributing and experiencing, as opposed to presenter-led exploration, are preferred in this commissioning round.

Series commissioned previously include *Ulaidh Faoi Thalamh, Ar Scáth na Sléibhte, Ar Bhealach na Gaeltachta, Ar Mo Bhealach Féin.*

Topics to consider: travel, sport, natural history, science, the arts, hobbies. We are looking for new formats, faces and ideas.

Budget: Up to £35,000 per episode (including non-contributable broadcaster overheads)

Ulaidh Faoi Thalamh

FAISNÉIS CHOIMISIÚNAITHE TEILIFÍSE BBC GAEILGE

MEITHEAMH 2018

Is é is aidhm le straitéis choimisiúnaithe teilifíse BBC Gaeilge ná punann ilchineálach a thógáil de chláir uaillmhianacha, ábhartha a bhfuil tionchar láidir acu ar an phobal agus a bhfuil ardluachanna léiriúcháin acu.

I gcroílár na straitéise coimisiúnaithe atá againn, tá an lucht féachana, grúpa ilchineálach a bhfuil réimse leathan ábhar spéise agus leibhéal cumais sa teanga acu. Bíonn a lán daoine nach bhfuil Gaeilge acu ag baint sult as inneachar teilifíse Gaeilge le fotheidil fosta.

Ba chóir ár gcuid clár a bheith bríomhar ábhartha do na spriocghrúpaí leathana seo agus cuid de na cláir sin, cuirfidh siad go suntasach le tuiscint daoine ar an Ghaeilge agus ar chomhthéacsanna cultúrtha agus stairiúla na teanga.

Gach clár Gaeilge a fhaigheann 75% den mhaoiniú léiriúcháin ó Chiste Craoltóireachta na Gaeilge, ní mór go mbeadh 75% den chaint ann i nGaeilge agus ní mór fotheidil i mBéarla a bheith leis.

Tá muid ag áitiú ort moltaí a chur isteach a bhfuil smaoineamh cúramach le feiceáil iontu agus a bhfuil taighde bríoch déanta cheana féin sula gcuirtear isteach iad.

DO CHUID SMAOINTE A CHUR ISTEACH

Is é **BBC Pitch** an uirlis ar socraíodh uirthi le smaointe a chur faoi bhráid BBC NI.

Ba chóir gach moladh a phlé leis an Eagarthóir, BBC Gaeilge roimh an spriocdháta lena chur isteach ar BBC Pitch, **Dé hAoine 10ú Lúnasa, 2018 ag 12 meán lae.**

D'fhéadfaí do chuid smaointe a chur ar an ghearrliosta le tuilleadh forbartha a fháil, a dhiúltú nó a choimisiúnú. Cibé rud atá i ndán dóibh, cuirfear an toradh sin in iúl duit. Ba chóir ceist ar bith maidir le smaointe a chur isteach ar BBC Pitch, ba chóir iad a chur chuig: linda.mccarter@bbc.co.uk.

KAREN KIRBY

Eagarthóir, BBC Gaeilge

MEITHEAMH 2018

Ba mhaith le BBC NI, i gcomhar leis an CCG, cuireadh a thabhairt do chomhlachtaí neamhspleácha moltaí a chur faoinár mbráid sna réimsí clár seo a leanas. Is comhlachtaí neamhspleácha lonnaithe i dTuaisceart Éireann a léireoidh na cláir seo agus déanfaidh an CCG agus BBC NI comh-mhaoiniú orthu.

Déanfar moltaí a mheas insan ord tosaíochta seo a leannas:

1 - FORMÁIDÍ FÍORASACHA DON PHOBAL

Sa choimre chláir **d'Fhormáidí Fíorasacha don Phobal**, ba mhaith linn smaointe inneachair a spreagadh ionas go mbeadh an lucht féachana *ag frithghníomh* agus *ag mothú* ón inneachar s'againne, in áit bheith ag smaoineamh agus ag foghlaim uaidh.

Má chuireann clár ar an lucht féachana *mothú gur cuid iad* den rud atá ag tarlú ar an scáileán, is féidir leis beocht a chur san ábhar ionas go mbeidh suim ag daoine ann agus go mbainfidh siad sásamh iomlán as. Is é an uaillmhian atá againn ná inneachar a choimisiúnú a mbeidh dáimh ag lucht féachana leathan leis – fíordhaoine cosúil linne, daoine a mbíonn greann, brú, éiginnteacht agus mothúcháin eile orthu, agus na rudaí sin uilig curtha in iúl trí mheán na Gaeilge.

Bíonn na gnéithe seo a leanas ag baint leis na Formáidí Fíorasacha don Phobal is mó rath:

- Foireann éagsúil gnáthdhaoine
- Daoine atá taobh amuigh de 'zón an chompoird' s'acu nó atá i staid nua nó i staid ina bhfuil siad faoi bhrú
- Idirghníomhuithe/Caidrimh

Ba chóir go gcuirfeadh na cláir seo comhbhá, ionbhá, díomá nó lúcháir ar an lucht féachana maidir leis na carachtair sa chlár. Cad é a dhéanfainn féin sa chás sin? 'Bhí mé ann, tá a fhios agam go díreach an dóigh a bhfuil sé …,' 'ní dhéanfainn fhéin a leithéid …', srl.

Cad iad na gnáthrudaí a thiocfadh linn iad a fheiceáil ag tarlú romhainn ar dhóigh fhírinneach, ionraic, réalaíoch, leis an fhreagairt sin a bhaint den lucht féachana?

2 - CLÁIR AONAIR / SRAITHEANNA DE SCANNÁIN FHAISNÉISE 30’

Is é an tosaíocht ná punann de chláir aonair nó de shraitheanna 30’ a chruthú thar réimse seánraí agus topaicí.

Ba chóir do léiritheoirí moltaí a chur isteach ar ábhair agus ar thopaicí a mbeidh spéis ag an oiread daoine agus is féidir iontu, cláir a bheas ábhartha don lucht féachana is leithne agus is féidir. Ba chóir go léireodh na smaointe seo gnéithe éagsúla de shaol ár linne i dTuaisceart Éireann agus in áiteanna eile: idir na gnáthghnéithe, na gnéithe neamhchoitianta agus na gnéithe a chuirfidh iontas ar dhaoine. **Mar sin de, níor chóir go mbeadh moltaí ag brath ar chomhthéacsanna agus ar eachtraí stairiúla leis an scéal a insint.**

Táthar ag dúil leis an inneachar nua-choimisiúnaithe a sceidealú i bhfómhar / i ngeimhreadh 2019. Tá an sliotán ama rialta craolacháin do chláir 30’ go fóill ag 2200 oíche Luain ar BBC Two NI.

Tá deiseanna ann go háirithe le scannáin faisnéise aonair 30’ a chóimisiúnú, déanta ag scannánóirí oilte, scannáin a insíonn scéalta faoi na rudaí atá thart timpeall orthu ina saol féin. Déanfaidh na scannáin seo saol na linne sa cheantar áitiúil a fhiosrú agus a léiriú, gach cineál, foirm, duine agus áit dá bhfuil ann. Cuirfidh siad peirspictíochtaí nua ar fáil agus tabharfaidh siad dúshlán na seandearcthaí maidir leis an tsaol i dTuaisceart Éireann inniu.

Is fíordhaoine agus fíoreispéiris atá i gcroílár na scannán seo. Is scéalta daonna iad, scéalta a mbeidh croí an lucht féachana iontu; beidh muid corraithe, beidh muid ag gáire, beidh muid ag caoineadh agus beidh muid ag smaoineamh. Is é láidreacht na scannán seo ná go mbeidh siad ábalta mothúcháin a spreagadh do ghnáthdhaoine a bhfuil scéal uathúil le hinsint acu. Stíl chomhaimseartha, téamaí uilíocha, ceisteanna a spreagann smaointe, díospóireacht agus inspioráid agus a nochtann fírinne a bhí faoi cheilt, is iad sin na príomhghnéithe a bhaineann le scannán den chineál seo a chruthú.

Mar phointe tagartha, smaoinigh ar na scannáin a coimisiúnaíodh agus a léiríodh don dual ‘True North’ de chuid BBC NI.

Ar na scannáin faisnéise aonair agus na sraitheanna a coimisiúnaíodh roimhe seo, tá *Múinteoirí, Píobairí Ard Mhacha, Taobh Thiar den Gheansaí, Tóchair an tSaoil.*

Buiséad: Suas le £35,000 an clár (lena n-áirítear forchostais neamh-inranníoctha an chraoltóra).

Múinteoirí

Píobairí Ard Mhacha

3 - SRAITH SHIAMSAÍOCHT FHÍORASACH

Sraith stíl bheatha agus siamsaíocht fhíriciúil, ar chóir dó bheith bríomhar agus ar chóir dó lucht féachana dílis a chinntiú, atá sásta amharc ar an chlár seachtain i ndiaidh seachtaine. Is é ab fhearr linn sa bhabhta coimisiúnaithe seo, ná sraitheanna ina mbíonn daoine rannpháirteach i rudaí, ag obair le rudaí a chur i gcrích agus ag baint triail as rudaí nua, in áit fiosrúcháin atá stiúrtha ag láithreoir.

I measc na sraitheanna a coimisiúnaíodh roimhe seo, tá *Ulaidh Faoi Thalamh, Ar Scáth na Sléibhte, Ar Bhealach na Gaeltachta, Ar Mo Bhealach Féin.*

Topaicí le tabhairt san áireamh: taisteal, spórt, saol an dúlra, eolaíocht, na healaíona, caitheamh aimsire.

Tá muid ar lorg formáidí, aghaidheanna agus smaointe úra.

Buiséad: Suas le £35,000 sa chlár (lena n-áirítear forchostais neamh-inranníoctha an chraoltóra)

Ulaidh Faoi Thalamh